



Dé hAoine an 29 Eanáir

A Phríomhoide, a chara,

Mar is eol duit, chinn an Rialtas, de bhun comhairle sláinte poiblí, na bearta srianta atá i bhfeidhm faoi leibhéal 5 a fhadú chun leathadh Covid-19 a chur faoi chois agus, mar chuid de na bearta sin, chinn sé an tréimhse dúnta scoile seo a choinneáil ar bun.

Rinneadh an cinneadh sin ar mhaithe le gluaiseacht an mhilliúin duine a thaistealaíonn chun na scoile gach lá a sheachaint. Coinneofar an dúnadh scoileanna faoi athbhreithniú leanúnach ag an Rialtas.

Tá sé mar thosaíocht ag an Rialtas aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus tacaí breise a sholáthar do na leanaí sin le linn na tréimhse dúnta seo, ar aon dul le comhairle sláinte poiblí.

Tá an Roinn Oideachais ag obair go dlúth le hionadaithe do gheallsealbhóirí le linn na tréimhse teoranta seo, agus é mar aidhm aici teacht ar chomhaontú maidir le bealach sásúil chun cinn chun a chinntiú go bhfillfidh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go sábháilte agus go céimnithe ar an bhfoghlaím ionscoile. Tá sé sin fós ar cheann de na príomhthosaíochtaí atá ag na comhpháirtithe uile.

Leanann an Roinn uirthi ag obair le comhpháirtithe oideachais freisin chun a chinntiú gur féidir leis na scoileanna uile athoscailt go hiomlán agus go sábháilte, ar aon dul le comhairle sláinte poiblí.

Beidh faisnéis agus treoir nuashonraithe faighte agat cheana féin i bhfeasacháin le déanaí, ach d'fhéadfadh gurbh fhiú na nithe sin agus aon nithe eile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do thuismitheoirí agus don mhórphobal scoile a achoimriú anseo.

Le meas,

Deirdre Shanley
Rúnaí Cúnta



Aguisín – Faisnéis agus treoir don Phobal Scoile i gcomhthéacs na Cianfhoghlama

Treoir maidir le Cianfhoghlaim

Le linn na tréimhse dúnta seo, ceanglaítear ar scoileanna tacú le daltaí/scoláirí trí phleananna cianfhoghlama a úsáid.

Sholáthair an Roinn sraith ábhar treorach, a comhaontaíodh leis na comhpháirtithe oideachais, chun scoileanna a chumasú an curaclam a stiúradh go sábháilte do gach dalta/scoláire i gcomhthéacs Covid-19. Eisíodh na hábhair threorach sin chuig scoileanna agus chuig ionaid oideachais de réir mar a foilsíodh iad. Tá siad ar fáil ag gov.ie agus ag na naisc thíos freisin.

- [Treoir maidir le Cianfhoghlaim i gComhthéacs COVID-19: Meán Fómhair - Nollaig 2020: Do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta](#)
- [Treoir maidir le Teagasc agus Foghlaim Éigeandála ó chian i gComhthéacs COVID-19: Le haghaidh iar-bhunscoileanna agus ionaid oideachais](#)

Comhlánaítear na doiciméid sin le [Ciorclán 0074/2020](#), rud lenar ceanglaíodh ar gach scoil bearta teagmhasacha cuí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeadh siad in ann leanúint le tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim i gcás go ndúnfaí na scoileanna go hiomlán nó go páirteach ar bhonn comhairle Sláinte Poiblí.

Tá sé an-tábhachtach go dtacófaí le foghlaim gach dalta/scoláire ag an am seo, go háirithe iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad sin atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil agus/nó luathfhágála scoile. Rachaidh Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla i dteagmháil le príomhoidí chun ceangailteacht le scoileanna a chothú i measc leanaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil agus déanfaidh oifigigh leasa oideachais idirchaidreamh díreach le hionaid chóiríochta Soláthair Dhírigh, le tearmainn do theaghlaigh atá thíos leis an bhforéigean baile agus le moil do dhaoine gan dídean chun a chinntiú go mbeidh daltaí/scoláirí nasctha lena scoil.

Eisíodh treoir nuashonraithe chuig scoileanna maidir le tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus leo sin atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Tá an treoir sin ar fáil anseo:

<https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/National-Emergencies-Public-Health-Issues/guidance-support-pupils-at-risk-primary.pdf>

<https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/National-Emergencies-Public-Health-Issues/guidance-continuity-of-schooling-supporting-pupils-with-sen-primary.pdf>

Baineann tábhacht ar leith leis na ceanglais seo a leanas i ndáil le cianteachas agus cianfhoghlaim gach dalta/scoláire:



- **Teagmháil thráthrialta le daltaí/scoláirí:** Tá sé tábhachtach go rachadh múinteoirí i dteagmháil lena gcuid daltaí/scoláirí. I suíomh bunscoile, b'fhearr go ndéanfadh siad amhlaidh ar bhonn laethúil. I gcomhthéacs iar-bhunscoile, ba cheart do mhúinteoirí dul i dteagmháil le scoláirí de réir an ghnáth-amchlár scoile, a mhéid is féidir.
- **Meascán de thascanna/eispéiris foghlama treoraithe agus neamhspleáiche:** Le linn na teagmhála idir an múinteoir agus an dalta/scoláire, ba cheart don mhúinteoir teagasc díreach a dhéanamh agus tascanna foghlama neamhspleáiche a shannadh lena ndéanamh ag na daltaí/scoláirí araon.
- **Deiseanna foghlama atá cuí agus spésiúil:** Ba cheart do mhúinteoirí a chinntiú go dtugtar sna tascanna foghlama roghnaithe deis do dhaltaí/scoláirí a gcuid foghlama a thaispeáint ar bhealach soiléir agus beacht.
- **Tascanna foghlama:** Ba cheart na tascanna roghnaithe a bheith ailínithe go sonrach le riachtanais an dalta/scoláire, lena n-áirítear daltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus ba cheart don mhúinteoir iad a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus aiseolas cuiditheach forbartha a thabhairt chun tacú leis na chéad chéimeanna eile d'fhoghlaim an dalta/scoláire.
- **Aiseolas dhá threo idir an baile agus an scoil:** Ba cheart do scoileanna a chinntiú go spreagtar aiseolas idir múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí agus idir múinteoirí agus a gcuid daltaí/scoláirí agus go dtacaítear leis an aiseolas sin. Ba cheart do scoileanna deiseanna indéanta inrochtana a thabhairt do gach dalta/scoláire chun samplaí dá gcuid oibre a chomhroinnt go thráthrialta leis an mhúinteoir/leis na múinteoirí i rith na seachtaine. Ba cheart do mhúinteoirí a chinntiú go gceartaítear aon obair a fhaightear agus go dtugtar aiseolas ábhartha ina leith.
- **Tacaíocht do dhaltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu:** Ba cheart do mhúinteoirí oideachais speisialta leanúint le dul i dteagmháil leis na daltaí/scoláirí atá ar a n-ualach cásanna agus ba cheart do mhúinteoirí ranga/ábhair an teagasc agus an fhoghlaim a dhifreáil ar aon dul le riachtanais a gcuid daltaí/scoláirí ar mhaithe leis an gcur isteach ar a bhfoghlaim agus ar a ndul chun cinn a íoslaghdú.

Mar gheall ar a thábhachtaí atá sé leanúnachas agus dul chun cinn a chinntiú i bhfoghlaim daltaí/scoláirí, ceadáítear do mhúinteoirí taisteal chun a n-áite oibre agus freastal uirthi chun **leanúnachas an teagaisc agus na foghlama a sholáthar mura bhfuil siad in ann déanamh amhlaidh ón mbaile agus tá foirgnimh scoile fós inrochtana** don teagasc agus don fhoghlaim agus do sheirbhísí bunriachtanacha eile. Áirítear leis na seirbhísí sin béilí scoile a sholáthar. Tá feidhm ag an méid sin freisin maidir le scoileanna ina bhfuil seirbhísí cúram leanaí do leanaí de chuid oibríthe bunriachtanacha agus do leanaí soghonta .le coinneáil ar oscailt.



An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

Tá tacaíocht agus comhairle fhairsing do mhúinteoirí agus do scoileanna maidir leis an gcianfhoghlaim a sholáthar ar fáil trí SFGM ag <https://www.pdst.ie/DistanceLearning>. Is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh chuig www.pdst.ie/schoolsupport freisin chun cúnaimh a fháil ó chomhairleoir de chuid SFGM, ar féidir leis/léi tacaíocht shaincheaptha scoile a sholáthar i ngach réimse ábhair ar leibhéal na Bunscoile agus na hIar-bhunscoile araon, lena n-áirítear tacaíocht maidir le Teicneolaíochtaí Digiteacha a úsáid chun tacú leis an gcianfhoghlaim. Tá foireann Ceannaireachta SFGM ar fáil chomh maith chun cabhrú le ceannairí scoile trí thacaíocht dhíreach scoile, trí chláir náisiúnta agus trí líonraí áitiúla. Tá faisnéis agus treoir fhairsing maidir le sábháilteacht ar líne ar fáil do scoileanna ag www.webwise.ie. I measc na n-acmhainní sin, tá achoimre ar na príomhnihe atá le cur san áireamh ag scoileanna le linn dóibh teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa timpeallacht cianfhoghlama. Tá an achoimre sin ar fáil ag <https://www.webwise.ie/trending/distance-learning-safety-advice-and-considerations/>

Tacaíochtaí Treorach

Tá réimse acmhainní curtha ar fáil ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas lena n-áirítear ailt, seimineár gréasáin, agus nótaí treorach faoi chomhairle gairmthreorach, ag cuir cianthacaíochta agus tacaíochta ar líne san áireamh.

<https://www.ncge.ie/resources>

Socruithe Cigireachta go mí an Mheithimh 2021

D'fhoilsigh Cigireacht na Roinne Ciorcláin 0001/2021 agus 0002/2021 do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna faoi seach le déanaí, ina leagtar amach na socruithe cigireachta don chuid atá fágtha den scoilbhliain go mí an Mheithimh 2021.

Bunscoileanna agus scoileanna speisialta:

https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0001_2021.pdf

Iar-bhunscoileanna:

https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0002_2021.pdf

Gabhann cur i láthair Powerpoint leis na ciorcláin sin.

<https://www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/Inspectorate%20Supporting%20Schools%20and%20the%20Department%20January-March,%202021.pdf>



Tacaí do thuismitheoirí

Tá treoir do thuismitheoirí maidir le leanúnachas na scolaíochta ar fáil i roinnt teangacha ag an nasc seo a leanas:

<https://www.gov.ie/en/collection/965639-continuity-of-schooling/>

Sábháilteacht ar líne

Tá faisnéis agus treoir fhairsing do thuismitheoirí agus do dhaltáí/scoláirí maidir le sábháilteacht ar líne ar fáil ag www.webwise.ie.

B'fhéidir go mbeadh an t-eolas ar fáil anseo <https://www.webwise.ie/parents/covid19-online-safety-advice-for-parents/> úsáideach ach go háirithe.

Acmhainní a bhaineann leis an gCuraclam

Is é atá ar Scoilnet (<https://www.scoilnet.ie/>), ar tairseach oideachais de chuid na Roinne é, ná thart ar 21,000 acmhainn atá clibeáilte chuig an gcuraclam. Is féidir le múinteoirí, le daltaí/scoláirí agus le thuismitheoirí na hacmhainní sin a úsáid chun tacú le leanúnachas na foghlama sa timpeallacht cianfhoglama.

Tacaí folláine

Rinne Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais na Roinne Oideachais sraith nuashonraithe acmhainní agus físeán beochana a fhorbairt do thuismitheoirí agus do dhaltáí/scoláirí le linn na tréimhse dúnta scoile seo.

Leis an tsraith sin, cuirtear le hábhair a forbraíodh roimhe seo agus a raibh an-tóir ag thuismitheoirí orthu.

Tugtar sna físeáin comhairle agus treoir thábhachtach nuashonraithe maidir leis an bhfolláine. Áirítear leo leideanna maidir le conas is féidir le daltaí/scoláirí coinneáil dearfach, gníomhach agus ceangailte agus maidir le conas is féidir le thuismitheoirí tacú le gnáthamh laethúil a línbh.

Tá na físeáin ar fáil i nGaeilge agus in ateangaireacht comharthaíochta freisin agus tá siad postáilte ar fhotha Twitter na Roinne @Education_Ire agus anseo:

Tá treoracha acmhainne ar fáil anseo i bhformáid PDF:

<https://www.gov.ie/en/publication/af24b-wellbeing-guidance-documents-for-parents-students-and-schools/e>

Tá na físeáin ar fáil anseo:

<https://www.gov.ie/en/publication/a04fc-advice-for-students-and-their-families/#wellbeing-advice-for-parents-during-covid-19>



Tacaí do thuismitheoirí le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Tá raon acmhainní do thuismitheoirí le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar fáil ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, lena n-áirítear ábhar úsáideach ar liosta leathan topaicí tacúla agus ábhair físe ghearra dhírithe atá deartha chun comhairle agus treoir a sholáthar do thuismitheoirí. Tá siad sin ar fáil ar ncse.ie agus scaiptear iad trí fhotha Twitter na Comhairle @ncseirl.

Chomh maith leis sin, tá líne theileafóin thiomnaithe á hoibriú ag an gComhairle do thuismitheoirí le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu le linn na tréimhse dúnta scoile seo, áit a dtairgtear tacaíocht agus treoir. Is é 01 603 3456 uimhir na líne sin agus bíonn sí ar oscailt le linn uaireanta oifige.

Tacaíocht do thuismitheoirí den Lucht Siúil:

I gcomhpháirt le hIonad Pavee, chuir an Roinn Físeán le chéile do thuismitheoirí den Lucht Siúil maidir le tacaíocht a thabhairt dá gcuid leanaí le linn dúntaí scoile. Tá an físeán sin ar fáil anseo: <https://www.gov.ie/en/publication/a04fc-advice-for-students-and-their-families/#support-for-traveller-parents-while-schools-are-closed>